Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en, de)

10489/26
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0555 (COD)**

COMPET 763
IND 412
MI 628
CADREFIN 289
FIN 873
RECH 280
ESPACE 101
CONSOM 193
DUAL USE 47
EDUC 269
TELECOM 316
ENER 396
ENV 724
CLIMA 328
AGRI 494
TRANS 419
SAN 476
PHARM 106
BIOTECH 80
POLMIL 237
POLGEN 167
ECOFIN 809
COH 115
INDEF 124
CULT 85
CYBER 289
JAI 819
DIGIT 163
DATAPROTECT 198
FREMP 208
RELEX 831
COPS 347
UD 180
AUDIO 84
PROCIV 129
IPCR 64
MAP 127
FISC 220
CODEC 1164
IA 164
CSC 401

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta<br>*- Cur chuige ginearálta páirteach*<br>= Ráiteas ón Ostair |

D'iarr an Ostair go gcuirfí an ráiteas seo a leanas le miontuairiscí na Comhairle.

**Ráiteas ón Ostair le haghaidh na miontuairiscí**

**An Ciste Eorpach um Iomaíochas - cur chuige ginearálta páirteach**

**Coreper 2 | 14.6.2026**

Aithníonn an Ostair go bhfuil sé de shaoirse ag gach stát a mheascán fuinnimh féin a roghnú, rud ar inniúlacht náisiúnta é. Mar sin féin, áitíonn an Ostair nach teicneolaíocht inbhuanaithe, inmharthana ó thaobh an gheilleagair de ná sábháilte é an fuinneamh núicléach do thodhchaí na hEorpa. Dar leis an Ostair, níor cheart acmhainní ó bhuiséad an Aontais a úsáid le haghaidh infheistíochtaí sa chumhacht núicléach, lena n-áirítear gléasraí cumhachta núicléiche nua a thógáil, síntí saolré le haghaidh saoráidí atá ann cheana nó suiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú.

Tá an Ostair toilteanach leanúint den chaibidlíocht go fóill, agus tacaíonn sí leis an gcur chuige ginearálta páirteach maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, ar an tuiscint nach ndéanfaidh an Ciste tógáil ná díchoimisiúnú gléasraí cumhachta núicléiche a chur chun cinn ná a mhaoiniú.